GX418

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDAITHE AN tSAMHRAIDH

ARD DIOPLÓMA SAN OIDEACHAS

PÁIPÉAR 2
SCILEANNA TEAGAISC AGUS MÍ-CHUMAIS FOGHLAMA

AN BRÁTHAR Ó NUALLÁIN
TREASA NÍ BHROINN
BREANDÁN MAC MATHÚNA

Trí uair an chloig a cheadófar. Moltar dhuit dhá uair an chloig a chaitheamh ar Roinn A agus uair an chloig ar Roinn B.
Freagair trí cheist, dhá cheann as Roinn A agus ceann amháin as Roinn B.
Úsáid freagarleabhar ar leith do ghach Roinn.

ROINN A: SCILEANNA TEAGAISC (2 uair an chloig a mholtar)
Freagar dhá cheist

1. Déan plé ar inspreagadh agus tagairt ar leith á dhéanamh do na straitéisí éagsúla a d'fhéadfadh múinteoir a úsáid sa seomra ranga.

2. Déan cur síos gearr ar chuile cheann acu seo a leanas:

a) pleanáil ceachta, ag imlíniú na tréithe éagsúla a bhaineann leis agus ag tabhairt plean ceachta samplach maidir le ceacht a rinne tú, agus

b) an cuspóir atá le ceisteanna sa rang, ag imlíniú teicnící do cheistniú maith béil don mhúinteoir

3. Scríobh go gearr faoi dhá cheann acu seo a leanas:

a) coincheapa múinteoireachta

b) luacháil

c) cabhair chlos-amharc sa seomra ranga

4. Freagair gach chuid den cheist seo:

a) Scrúdaigh na tréithe a chaithfear a chur san áireamh nuair atá modh múinteoireachta do rang ar leith á roghnú.

b) Léirigh go gearr aon trí mhodh múinteoireachta go bhfuil eolas agat orthu.

c) Déan plé iomlán ar an gcur chuige réiteach faidhbe nó ar an gcur chuige tuiscint mhíniúcháin i dtaobh múinteoireachta de, ag tagairt do na bun-teoiricí foghlama.

/...

ROINN B: MÍ-CHUMAIS FOGHLAMA (Uair an chloig a mholtar)
Freagar ceist amháin.

5.
(a) Déan cur síos ar an réimse fadhbanna a bhíonn ag daltaí le deacrachtaí foghlama.

(b) Ó thaobh stíl múinte agus eagrú an tseomra ranga de, conas is féidir cabhrú leo?

6.
(a) Céard iad na fadhbanna a bhíonn ag daltaí le deacrachtaí léitheoireachta?

(b) Déan cur síos ar straitéisí múinte chun fadhbanna mar sin a laghdú i d'ábhar féin.